# Curaclam na Bunscoile a Athbhreithniú agus a Athfhorbairt

## Seimineár do Pháirtithe Leasmhara 4: Turais Foghlama a Bhreisiú


NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment



**Nollaig 2019**

# An Clár Ábhar


Réamhrá 3

Plé 1 5

Cleachtas a dhéanamh de theoiric 6

Teoiricí molta le haghaidh curaclam bunscoile athfhorbartha 7

Sonraí agus treoir maidir le cuir chuige oideolaíochta éifeachtacha 8

Plé 2 9

Príomhthéamaí ó ghrúpaí fócais tuismitheoirí 9

Ábhair thacaíochta i gcomhair rannpháirtíochta níos mó tuismitheoirí 10

Conclúid 11

# Réamhrá

Tá athbhreithniú agus athfhorbairt á déanamh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar churaclam na bunscoile. Táimid ag obair le múinteoirí agus cleachtóirí luathoideachais, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus páistí, comhlachtaí bainistíochta, taighdeoirí agus páirtithe leasmhara eile chun curaclam ardcháilíochta a fhorbairt idir seo agus deich nó cúig bliana déag. Caithfimid a chinntiú gur féidir le curaclam bunscoile na todhchaí taithí ábhartha agus mealltach a sholáthar do pháistí a chuireann lena n-óige agus lena mblianta níos deireanaí mar dhaoine fásta. Agus tosca comhthéacsúla á gcur san áireamh, baineann an obair le breith a thabhairt ar chuspóir, struchtúr agus ábhar churaclam na bunscoile athfhorbartha. Tá trí shnáithe chomhlántacha ag baint leis an obair seo: 1) Oibriú le scoileanna, (2) Taighde agus (3) Seimineáir le páirtithe leasmhara (féach Fíor 1). Cuireann gach snáithe leis na cinn eile agus cuidíonn sé le cruth a chur orthu agus mar a chéile, bíonn gach snáithe mar bhuntaca ag na cinn eile.

**Fíor 1: Trí shnáithe d'athbhreithniú agus athfhorbairt curaclaim**





In obair CNCM, tarraingítear go mór as taighde, agus dá bhrí sin scríobh taighdeoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta sraith páipéar taighde gearr maidir le príomhghnéithe de churaclam bunscoile athfhorbartha. Tacaítear sna páipéir thaighde le rannpháirtíocht in athbhreithniú agus athfhorbairt churaclam na bunscoile. Is féidir teacht ar na páipéir thaighde i rannóg bunscoile shuíomh gréasáin CNCM ag www.ncca.ie. Táimid ag obair freisin le bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus réamhscoileanna ar fud na tíre. Le chéile, léiríonn siad seo an éagsúlacht shaibhir comhthéacsanna scoile agus tá siad i bhFóram na Scoileanna.

Reáchtáil CNCM cúig sheimineár idir Márta 2018 agus Eanáir 2019. Rinneadh freastal ar an seimineár trí chuireadh chuig comhpháirtithe oideachais agus páirtithe leasmhara níos leithne (féach Aguisín 1) agus bhí go leor de na múinteoirí, ceannairí scoile agus cleachtóirí luathbhlianta a d'fhreastail orthu ina mbaill d'Fhóram na Scoileanna (féach Fíor 2). Tugadh deiseanna sna seimineáir chun breith a dhéanamh ar na príomhphointí a bhí ag teacht ó na páipéir thaighde, agus chun plé agus cíoradh a dhéanamh ar na pointí seo ó dhearcthaí difriúla. Áiríodh i ngach seimineár cur i láthair ó spreagchainteoir (féach Aguisín 2) ag díriú ar ghnéithe tábhachtacha de churaclam na bunscoile. Bhí na cúig sheimineár leagtha amach mar seo a leanas:

- Seimineár 1: Cuspóir an Churaclaim
- Seimineár 2: Sineirgí Cumhachtacha
- Seimineár 3: Léargais Nua
- Seimineár 4: Turais Foghlama a Bhreisiú
- Seimineár 5: An Turas ar Aghaidh a Rianú.

**Fíor 2: Páirtithe leasmhara a ghlac páirt sna seimineáir churaclaim**



# Curaclam na Bunscoile – Seimineár 4

Reáchtáladh Seimineár 4 'Turais Foghlama a Bhreisiú' ar an 29 Samhain 2018. Thug an Dr Emer Ring, an Dr Lisha O'Sullivan, Marie Ryan agus Patrick Burke, Coláiste Mhuire Gan Smál cur i láthair spreagaithisc an tseimineáir. Breathnaíodh ina gcur i láthair spreagaithisc ar dhearcthaí teoiriciúla ar fhoghlaim agus forbairt páistí agus ar an gcaoi a bhféadfaidís seo cur le hoideolaíocht fhreagrach do churaclam bunscoile athfhorbartha. Díríodh sa dara cuid den seimineár ar dhearcthaí tuismitheoirí ar churaclam bunscoile athfhorbartha.

Deis a bhí sa phlé seimineáir do rannpháirtithe freagairt do na smaointe sna cuir i láthair agus iad a phlé. Bunaíodh iad timpeall ar shraith ceisteanna (féach Aguisín 2) agus rannpháirtithe ina suí ag boird chiorclacha chun plé agus díospóireacht a éascú. Cé go raibh pointí ann ar aontaigh na rannpháirtithe orthu, bhí roinnt easaontais ann freisin. Níorbh é an aidhm a bhí leis an bplé teacht ar chomhréiteach, ach cead a thabhairt do gach duine a chuid a rá agus cuimhneamh ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara eile a bhí rannpháirteach.

Seo a leanas léargas gairid ar na príomhthéamaí a tháinig chun cinn i rith na bpléití agus athfhriotail dhíreacha ó rannpháirtithe i gcló iodálach.

# Plé 1

Díríodh sa chéad phlé ar dhearcthaí teoiriciúla ar fhoghlaim agus forbairt páistí. Thug na rannpháirtithe freagra ar na ceisteanna seo a leanas.

1. Céard is féidir le curaclam bunscoile athfhorbartha a dhéanamh chun teoiricí maidir le foghlaim agus forbairt páistí a chur ag obair ar bhealach a chabhraíonn le scoileanna?
2. An bhfuil roinnt teoiricí níos ríthábhachtaí agus níos oiriúnaí ná a chéile i gcuraclam bunscoile athfhorbartha? Má tá, cé acu agus cén fáth?
3. Cé mhéad sonraí agus treorach ba cheart a bheith i gcuraclam athfhorbartha maidir le cuir chuige oideolaíochta éifeachtacha? Céard iad na bealaí is fearr chun é seo a

- Teoiricí molta le haghaidh curaclam bunscoile athfhorbartha

- Sonraí agus treoir maidir le cuir chuige oideolaíochta éifeachtacha.

## Cleachtas a dhéanamh de theoiric

Agus aird acu ar luach an pháipéir spreagaithisc maidir le teoiricí na foghlama, bhraith rannpháirtithe seachas teoiric agus cleachtas a láimhseáil astu féin gur fearr a shásódh an curaclam an dúshlán seo tríd an teoiric agus an cleachtas a shnoí le chéile i sraith prionsabal lárnach agus samplaí den teoiric ag obair in éineacht leo. B'fhéidir go ndíreoidís seo ar réimsí cosúil le: timpeallacht foghlama optamach a chruthú sa scoil; oideolaíocht; measúnú sa bhunscoil; cur chuige soch-thógachaíoch i leith na foghlama. Mar gheall ar an dóchúlacht go mbeidh éileamh breise ar iomas an mhúinteora ó churaclam nua bunaithe ar thorthaí, bheadh gá le samplaí inrochtana agus praiticiúla den dea-chleachtas, mar tá sa *Treoir i leith Cleachtais Aistear Síolta* ar líne. D'fhéadfadh comhoibriú idir CNCM agus SFGM cabhrú chun samplaí ardchaighdeáin a scaipeadh a thabharfadh dúshlán do ghnéithe den chleachtas reatha agus an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar sheomraí ranga sa todhchaí a léiriú. Tá níos mó cumhachta tugtha do mhúinteoirí sna torthaí foghlama i *gCuraclam Teanga na Bunscoile* nua chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an struchtúr a theastaíonn uathu a chur ar fhoghlaim, agus féadfaidh múinteoirí a gcleachtas a chur in oiriúint níos éasca nuair atá cruth mar sin ar an gcuraclam.

Cé gur dhúirt go leor cleachtóirí go n-aithneoidís a gcleachtas reatha i dteoiricí foghlama, ba ghá go mbeadh an-eolas ag múinteoirí agus go mbeidís in ann tarraingt ar an eolas seo, mar *go mbeidh feidhm ag teoiricí éagsúla i gcásanna nó i gcomhthéacsanna éagsúla.* D'fhéadfadh an curaclam fós ciall a bhaint as an gcorpas eolais sa pháipéar plé agus é a chur i láthair arís ar bhealach inrochtana do mhúinteoirí agus scoileanna, dá bhrí sin ag laghdú na n-éileamh ar ghairm ghnóthach agus ag éascú machnaimh ag leibhéal scoile uile agus aonair. Bheadh an tábla ón bpáipéar plé ina ndéantar achoimre ar na n-ocht dteoiric foghlama a bheadh úsáideach do scoileanna agus d'fhéadfaí leagan de seo a áireamh sa réamhrá leis an gcuraclam athfhorbartha. Freisin, luadh an próiseas Féinmheastóireachta Scoile mar go raibh sé de chumas aige tacú le rannpháirtíocht i ndáiríre le tacaí teoiriciúla an churaclaim.

Bhraith go leor rannpháirtithe go raibh sé tábhachtach eolas ábhair atá sonrach do dhisciplín a aibhsiú sa churaclam. *Ní féidir i gcónaí eolas atá sonrach d'ábhar a theagasc mura ndírítear ach ar phleanáil théamach amháin.* Ba cheart eolas ar ábhar disciplín, a bheidh deighilte agus in ord sonrach a nascadh leis na scileanna gaolmhara.

Díríodh an plé ar thacaíochtaí múinteoirí a bhraith rannpháirtithe a bhí riachtanach chun curaclam athfhorbartha a fhorfheidhmiú i gceart. Léiríodh sa mhéid a dúradh in amanna neamhchinnteachta

(nó imní) maidir le chomh mór is a bheadh curaclam athfhorbartha múnlaithe ar chreat *Aistear*. Braitheadh go mbeadh múinteoirí nach raibh dóthain muiníne acu *ag streachailt leis an neamhspleáchas a thabharfaí i gcreat curaclaim.* Theastódh soiléireacht go háirithe in ábhair thacaíochta do réimsí cosúil le pleanáil múinteoirí.

Chaithfeadh forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) do mhúinteoirí agus do phríomhoidí scoile a bheith leathan agus níor cheart dó a bheith sonrach d'ábhair amháin agus ba cheart dó oibriú ar leibhéal na teoirice agus an chleachtais. Is gá go mbeadh forbairt ghairmiúil leanúnach inspioráideach, claochlaitheach agus níos saibhre ná mar a bhí roimhe seo. Bheadh fáilte roimh bhreis solúbthachta agus tacaíochta don mhúinteoir. Chumasódh sé seo an úsáid is mó as tacair scileanna múinteoirí agus chuirfeadh sé ar chumas scoileanna roghanna eolacha a dhéanamh maidir leis an gcaoi ab fhearr chun idirbheartaíocht a dhéanamh leis an gcuraclam ina chomhthéacs áitiúil.

Is gá go mbeadh tuismitheoirí rannpháirteach freisin agus is gá samplaí a thaispeáint dóibh de na teoiricí foghlama i gcleachtadh d'fhonn cabhrú le tuismitheoirí agus múinteoirí idirghníomhú lena chéile. D'aithin na tuismitheoirí a thug freagra chomh scoite óna chéile a bhíonn siad féin agus múinteoirí uaireanta i ndáil leis an scéal iomlán den chaoi a bhfoghlaimíonn páistí. Sainaithníodh ábhair thacaíochta do thuismitheoirí mar réiteach féideartha air seo.

Is gá dul i ngleic le cleachtais mheasúnaithe chúnga i gcuraclam athfhorbartha. Caithfear tús áite a thabhairt don teagasc agus foghlaim. Mheas an grúpa go raibh sé go maith a fheiceáil go raibh measúnú foirmiúil, cosúil le measúnú caighdeánaithe, á cheistiú. Bhraith roinnt daoine a bhí i láthair gur cheart creat a bheith ar an bhféinmheasúnú mar inniúlacht seachas modheolaíocht measúnaithe.

## Teoiricí molta le haghaidh curaclam bunscoile athfhorbartha

Measadh go raibh gach teoiric tábhachtach agus ábhartha, roinnt díobh níos ábhartha ag amanna éagsúla i bhforbairt páiste agus le haghaidh comhthéacsanna éagsúla. Tá ceangail shlána sa bhaile agus ar scoil, ina mbíonn an múinteoir ar fáil go mothúchánach don pháiste ríthábhachtach; tá teoiric spreagtha an-tábhachtach do ranganna sinsearacha; is gá go gcuirfí grá don fhoghlaim chun cinn i gcuraclam athfhorbartha; bheadh teoiricí soch-chultúrtha infheidhmithe go speisialta i bhfoghlaim teanga. Measadh go raibh meiteachognaíocht agus féinrialáil – páistí a spreagadh le bheith ina bhfoghlaimeoirí neamhspleácha agus féinrialáil ar mhothúcháin a fhorbairt – ríthábhachtach do rath foriomlán páistí san oideachas. Ach braitheadh nach ndéantar cleachtas den teoiric i gcónaí, agus go raibh comhthéacs ríthábhachtach. Mar a cuireadh i láthair sa pháipéar plé, is fearr a thacódh tuairim

na mósáice patrúin leis an dea-chleachtas. Caithfidh na prionsabail agus na teoiricí seo a bheith léiritheach seachas saintreorach, chun oideolaíocht fhreagrach a éascú. D'ainneoin cáineadh intuigthe theoiric na nIl-Intleachtaí sa pháipéar plé, measadh go dtugann an cur chuige seo deis chun suimeanna nó inniúlachtaí páistí a léiriú, ar féidir foghlaim níos taitneamhaí agus níos ábhartha a bheith mar thoradh air. Chaithfí an bhrí atá leis na teoiricí a dtarraingítear orthu i gcomhthéacs na hÉireann a léiriú sa churaclam. D'fhéadfadh dearcthaí teoiriciúla mar sin deiseanna a chur in iúl go húsáideach don fhoghlaim spraíúil agus fhiosrach sna hearnálacha trí thagairt do *Aistear* agus don *Chreat don tSraith Shóisearach*.

## Sonraí agus treoir maidir le cuir chuige oideolaíochta éifeachtacha

Ba cheart ábhair thacaíochta ar mhodheolaíochtaí/oideolaíochta a chur ar fáil i réimse formáidí, ar líne nó i gcóip chrua. Níor cheart go mbeadh na hábhair ró-shaintreorach agus ba cheart go gceadófaí neamhspleáchas an mhúinteora leo. Ach ba cheart go mbeadh roinnt treoir oideolaíochta i gceist, cosúil le liosta straitéisí atá nasctha leis na torthaí foghlama. Chuige seo, bheadh gluais de chuir chuige oideolaíochta do mhúinteoirí agus tuismitheoirí an-úsáideach. Ba cheart go mbeadh bunús sna hábhair le haghaidh na n-oideolaíochtaí, a thugann buntaca teoiriciúil comhtháite, dá bhrí sin ag ligean do mhúinteoirí cinntí comhfhiosacha a dhéanamh maidir le hoideolaíochtaí, ní díreach ag roghnú go randamach ó roghchlár.

Bheadh sé tábhachtach físeáin a bheith ann ina dtaispeánfaí dea-chleachtas i gcomhthéacs na hÉireann. Moladh an smaoineamh go mbeadh pobal cleachtais agus scoileanna ag roinnt cleachtais. *Creidtear an rud a fheictear. Tá na físeáin a úsáidtear le tacú leis an gcuraclam nua teanga cumhachtach agus an-luachmhar.* Spreagann samplaí ó chomhthéacsanna scoile fíora múinteoirí le bheith oscailte do chuir chuigí nua agus leagann siad béim ar an tábhacht a bhaineann le curaclam áitiúil. D'fhéadfadh agus ba cheart go mbeadh samplaí den chineál sin mar chuid thábhachtach de chlár forbartha gairmiúla leanúnaí cothaithe ina dtugtar spás gairmiúil le comhoibriú ag leibhéal scoile, ina mbíonn an t-am ag múinteoirí teacht le chéile agus breathnú ar a chéile agus na físeáin a phlé, seachas a bheith i seomra ar feadh lá amháin d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Tá deis ann do CNCM/SFGM agus Institiúidí Oiliúna Tosaigh Múinteoirí chun níos mó tacaíochta ionscoile a thabhairt don churaclam athfhorbartha.

Ar deireadh, maidir le hoideolaíocht mheasúnaithe, measadh go bhfuil an iomarca aird á díriú faoi láthair ar thrialacha caighdeánaithe. Caithfear tacú le múinteoirí chun machnamh a dhéanamh ar chleachtais mheasúnaithe agus caithfidh an Chigireacht a bheith oscailte do neamhspleáchas an

mhúinteora chuige seo. Caithfear measúnú agus foghlaim a nascadh go leanúnach; ní féidir linn iad a scaradh.

# Plé 2

Díríodh sa dara plé ar bhreithnithe tuismitheora i gcuraclam athfhorbartha. Thug na rannpháirtithe freagra ar na ceisteanna seo a leanas.

1. Céard iad bhur smaointe ar na príomhthéamaí, go dáta, ag teacht ó ghrúpaí fócais tuismitheoirí?
2. Céard iad na cineálacha ábhar tacaíochta ba cheart do CNCM smaoineamh ar a fhorbairt ionas go mbeidís in ann a bheith níos rannpháirtí i bhfoghlaim a gcuid

Bhí an plé bunaithe ar thorthaí ó shraith 20 grúpa fócais a reáchtáladh le tuismitheoirí ar fud na tíre. Cuireadh na torthaí i láthair na rannpháirtithe roimh an bplé.

Tháinig an dá théama seo a leanas chun cinn ón bplé seo:

- Príomhthéamaí ó ghrúpaí fócais tuismitheoirí
- Ábhair thacaíochta i gcomhair rannpháirtíochta níos mó tuismitheoirí.

## Príomhthéamaí ó ghrúpaí fócais tuismitheoirí

D'fháiltigh rannpháirtithe roimh rannpháirtíocht tuismitheoirí sa phróiseas comhairliúcháin. É sin ráite, bhraith roinnt daoine go mb'fhéidir go mbeadh torthaí níos dearfaí maidir le Gaeilge agus foirmiú creidimh i scoileanna ó rannpháirtíocht níos leithne. Aithníodh an deacracht a bhain le teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí i rith comhairliúcháin ar scála mór. Ach, ní shin le rá nach bhfuil tábhacht le cumarsáid shoiléir le tuismitheoirí maidir le fealsúnacht agus luachanna foriomlána atá mar bhuntaca ag curaclam athfhorbartha.

Luadh meonta dearfacha (meas, muinín, athléimneacht), teagasc nuatheangacha iasachta, eitic agus cuimsiú, foghlaim dhigiteach, oibriú i gcomhpháirt mar roinnt de na príomhphointí plé ó na grúpaí fócais. Tugadh faoi deara go raibh fonn ann bogadh ar aghaidh ó threoir reiligiúin chuig oideachas

reiligiúin agus morálta níos leithe mar rud ar tugadh suntas dó san aiseolas. Measadh go mba léiriú ar ár sochaí athraithe í an imní don chomhshaol, an nasc leis an bpobal, agus an gá atá le hoideachas saoránachta. Teastaíonn ó thuismitheoirí go mbeadh a bpáistí in ann cumarsáid mhaith a dhéanamh agus go mbeidh siad sásta – mianta a nascann go maith le téamaí *Aistear*. D'aithin tuismitheoirí go bhfuil sé tábhachtach go gcabhródh an curaclam le leanaí a bheith réidh don saol ach fios a bheith acu freisin go mbaineann dúshláin leis an ullmhacht sin a bhaint amach. D'fháilteodh tuismitheoirí roimh bhéim ar Fholláine i gcuraclam athfhorbartha. Mhol roinnt rannpháirtithe go raibh athléimneacht ina saincheist do pháistí, ach go raibh tuismitheoireacht éirithe an-chosantach. D'áireofaí le hoideachas a chur ar pháistí i gcomhair folláine a chinntiú go bhforbródh páistí leibhéil athléimneachta níos mó.

Tháinig an Ghaeilge chun cinn mar cheist cineál conspóideach, agus mheas roinnt tuismitheoirí go raibh sí an-tábhachtach, cé gur cheap roinnt eile, nach raibh. Bhí tuairimí deighilte maidir leis an méid a chuireann sí go pragmatach (a háisiúlacht mar theanga), a suntasacht chultúrtha (tá/níl sí mar chuid dár n-aitheantas cultúrtha), agus i dtaobh na teangeolaíochta (mar a chuireann sí lenár bhfeasacht teanga ghinearálta). I gcás roinnt daoine, is gá tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar an mbealach a mhúintear an Ghaeilge faoi láthair.

Léiríodh gné áitiúil den churaclam i ngrúpaí fócais na dtuismitheoirí. Tá gach pobal éagsúil, agus tá scoileanna ag dul in oiriúint dó seo cheana féin. Labhair tuismitheoir amháin faoi sheisiún den ghrúpa fócais ina scoil, an chaoi gur mheas sé go raibh sé an-luachmhar chun réimse tuairimí a chloisteáil. Dá bhrí sin, léiríodh an tábhacht a bhaineann le plé maith agus cóimheas idir an baile agus an scoil.

Measadh gur thug obair bhaile nasc nádúrtha idir an scoil agus an baile. Ach, níor tugadh an malartú tuairimí ar an ábhar chun críche, déarfá. Smaoinigh roinnt rannpháirtithe cibé an bhféadfadh curaclam athfhorbartha treoir a thabhairt air seo agus gan é a fhágáil ag beartais scoile aonair agus iad chomh héagsúil ó thaobh réimse agus cur i bhfeidhm.

## Ábhair thacaíochta i gcomhair rannpháirtíochta níos mó tuismitheoirí

Cé gur dhírigh go leor den phlé ar na rudaí a d'fhéadfadh scoileanna a dhéanamh níos éifeachtaí chuige seo, ba é an comhaontú a tháinig chun cinn gur cheart don CNCM réimse ábhar a áireamh atá dírithe go sonrach ar thuismitheoirí i measc na n-ábhar tacaíochta don churaclam athfhorbartha.

D'fhéadfaí a áireamh leis na hábhair:

- Eolas i dteanga inrochtana maidir le fís agus luachanna an churaclaim

- Físeáin/podchraoltaí maidir le foghlaim páistí
- Físeáin ina múnlaíonn múinteoirí coincheapa agus cuir chuigí, ionas gur féidir le tuismitheoirí féachaint ar an gcaoi a bhfuil páistí ag foghlaim
- Ábhair ina gcuirtear cumarsáid idir an baile agus an scoil chun cinn, trí shamhlacha den phróiseas seo ag obair a sholáthar
- Comhairle do mhúinteoirí agus scoileanna maidir le tuairiscí páistí agus ar chruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí

Bhraith roinnt rannpháirtithe go bhféadfaí ról Chomhairle Náisiúnta a dTuismitheoirí (NPC) a leathnú, ag lua tionscadal cosúil le Partnership Schools Ireland, comhoibriú idir NPC agus Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN), arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag obair faoi láthair le 40 scoil. Moladh freisin gur cheart don CNCM taighde a dhéanamh ar bhealaí éifeachtúla chun eolas a scaipeadh maidir leis na hacmhainní luachmhara atá ar fáil do thuismitheoirí ar a suíomh gréasáin. Bheadh sé seo an-tábhachtach i gcomhthéacs an chomhairliúcháin maidir le curaclam bunscoile athfhorbartha agus seoladh an churaclaim sin. Teastaíonn cuir chuigí comhroinnte ó na nithe seo ar fad, agus ba cheart don CNCM iarracht a dhéanamh comhoibriú le SFGM, NPC, IPPN agus eagraíochtaí eile chuige seo.

# Conclúid

Bhí rannpháirtíocht dhomhain sa dá phlé maidir leis na príomhbhreithnithe don phróiseas maidir le hathfhorbairt churaclam na bunscoile. Sa chéad phlé, léirigh rannpháirtithe an tábhacht a bhain leis na teoiricí difriúla foghlama agus forbartha i gcomhair athfhorbairt an churaclaim agus lena chleachtadh sa seomra ranga. Measadh go forleathan go raibh gach teoiric suntasach, ach go mb’fhéidir go raibh roinnt díobh níos ábhartha ag amanna difriúla i bhforbairt páiste agus do chomhthéacsanna difriúla. Moladh freisin go bhféadfadh ról a bheith ag an gcuraclam le tacú le múinteoirí tuiscint a fháil ar na teoiricí ar a dtarraingíonn sé agus ar a n-impleacht phraiticiúil don seomra ranga.

Tugadh bunús sa dara plé do rannpháirtíocht shuntasach i dtosaíochtaí tuismitheoirí san oideachas bunscoile. Ar roinnt de na breithnithe a tháinig ón bplé bhí:

- Tábhacht na Folláine sa churaclam

- An tábhacht a bhaineann le meonta dearfacha a fhorbairt i leith na foghlama
- An áit atá ag oideachas morálta agus ag an nGaeilge i gcuraclam athfhorbartha
- An gá atá ann díriú ar chomhthéacs áitiúil.

Léiríodh sa phlé freisin an gá atá le rannpháirtíocht leanúnach tuismitheoirí i bpróiseas forbartha an churaclaim a chinntiú agus moladh tograí le tacú leis an rannpháirtíocht seo.

## Aguisín 1: Eagraíochtaí Páirtithe Leasmhara ar tugadh cuireadh dóibh chuig an Seimineár

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Foras Pátrúnachta

Cumann um Oideachas Drámaíochta in Éirinn

Association of Childcare Professionals

Cumann Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann

Autism Ireland

Barnardos Éireann

Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha

Lárionad Ceannaireachta Scoile

An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí

Bord Oideachais Eaglais na hÉireann

Cumann Ríomh-Oideachais na hÉireann

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

Tionscadal DICE

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Luath-Óige Éireann

An tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta

An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

Ag Foghlaim le Chéile

Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

Comhlacht Oideachais na hÉireann

An Foras Taighde ar Oideachas

Foras na Gaeilge

Coláiste Hibernia

Rannóg Sláinte agus Folláine FSS

Ionchuimsiú Éireann

Cumann Múinteoirí Éireann

Cumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann

Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann

Ionaid Tacaíochta Oideachais Éireann

Lifeways Ireland Ltd

Institiúid Oideachais Marino

Coláiste Mhuire Gan Smál

Ollscoil Mhá Nuad

Migrants Rights Council Ireland

Gréasán Náisiúnta Óige

Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí

An tOmbudsman do Leanaí

PLÉ

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Royal Society of Chemistry

Safefood

Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Gréasán OSPS

Aontas Múinteoirí Éireann

An Chomhairle Mhúinteoireachta

The Ark

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

# Aguisín 2: Ceisteanna i gcomhair Plé

## Plé a hAon

1. Má tá ceacht ginearálta amháin le foghlaim as taithí na mblianta atá díreach caite, is ea san oideachas, agus go deimhin i réimsí eile freisin, go dtéann an teoiric agus an cleachtas lámh ar lámh agus taobh le taobh má tá tairbhe le bheith ag ceachtar acu ar bhealach suntasach. (Kelly, 2004)
   a) Céard is féidir le curaclam bunscoile athfhorbartha a dhéanamh chun teoiricí maidir le foghlaim agus forbairt páistí a chur ag obair ar bhealach a chabhraíonn le scoileanna?
2. An bhfuil roinnt teoiricí níos ríthábhachtaí agus níos oiriúnaí ná a chéile i gcuraclam bunscoile athfhorbartha? Má tá, cé acu agus cén fáth?
3. Tarraingítear aird sa pháipéar ar an tábhacht a bhaineann le cuir chuige oideolaíochta chun gach gné d'fhoghlaim agus forbairt páistí a bhreisiú. Cé mhéad sonraí agus treorach ba cheart a bheith i gcuraclam athfhorbartha maidir le cuir chuige oideolaíochta éifeachtacha? Céard iad na bealaí is fearr chun é seo a dhéanamh i gcuraclam?

## Plé a Dó

1. Céard iad bhur smaointe ar na príomhthéamaí, go dáta, ag teacht ó ghrúpaí fócais tuismitheoirí?
2. Céard iad na cineálacha ábhar tacaíochta ba cheart do CNCM smaoineamh ar a fhorbairt ionas go mbeidís in ann a bheith níos rannpháirtí i bhfoghlaim a gcuid páistí?

# Aguisín 3: Seimineáir agus Cuir i láthair Spreagaithisc

| Seimineáir | Cuir i láthair Spreagaithisc |
|---|---|
| Seimineár 1:<br>***Cuspóir an Churaclaim*** | ▪ An Dr Thomas Walsh, Ollscoil Mhá Nuad – Athbhreithniú ar an Réamhrá ar Churaclam na Bunscoile (1999)<br>▪ An Dr Jones Irwin, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – Tosaíochtaí agus luachanna na sochaí |
| Seimineár 2:<br>***Sineirgí Cumhachtacha*** | ▪ An tOllamh Louis Volante, Ollscoil Brock – Oideolaíocht agus Meiti-chleachtais<br>▪ An Dr Karin Bacon, Institiúid Oideachais Marino – Comhtháthú Curaclaim<br>▪ An tOllamh Emerita Carol McGuinness, Ollscoil na Banríona – inniúlachtaí an 21ú haois<br>▪ An tOllamh Dominic Wyse, University College London – Ról an eolais i gcuraclaim |
| Seimineár 3:<br>***Léargais Nua*** | ▪ Bernie McNally, RLGÓ – Comhthéacs agus forbairtí beartais i soláthar luathbhlianta<br>▪ An Dr Harold Hislop, An Roinn Oideachais agus Scileanna – An soláthar reatha agus dúshláin sa todhchaí i dtaithí foghlama luathbhlianta<br>▪ An tOllamh Emer Smyth, ITES – Aistriú chuig an oideachas bunscoile<br>▪ An Dr Alejandra Cortázar, CEPI, An tSile – Ailíniú agus dul chun cinn curaclaim |
| Seimineár 4<br>***Turais Foghlama a Bhreisiú*** | ▪ An Dr Emer Ring, an Dr Lisha O'Sullivan, Marie Ryan agus Patrick Burke, Coláiste Mhuire Gan Smál – Teoiricí foghlama<br>▪ CNCM – Peirspictíochtaí na dTuismitheoirí |
| Seimineár 5:<br>***An Turas ar Aghaidh a Rianú*** | ▪ Sharon O'Donnell – Curaclaim bhunscoile idirnáisiúnta<br>▪ An tOllamh Michael O'Leary agus an Dr Zita Lysaight, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – Measúnú, foghlaim agus teagasc a ailíniú in athchóiriú agus forfheidhmiú curaclaim |

NCCA